# Story 3
## – Irish version

Anois, tá na trí bhéar sa teach.
Tá Mamaí Béar sa chistin.
Tá Babaí Béar ag súgradh
Agus tá Daidí Béar ina chodladh…!

"Bhuel," arsa Mamaí Béar le Babaí Béar. "Tá mise ag déanamh bolgam tae. Ó, níl bainne ar bith sa teach don tae ná don bhricfeasta!"

Amach chuig an charr le Mamaí Béar agus Babaí Béar le dul chuig an siopa.
Agus cuireann Babaí Béar a chrios air!!

Ach nuair atá siad ar shiúl, cé a thagann chun tí?

Tagann Mamó Béar
agus Daideo Béar ar cuairt!
Buaileann siad ar an doras,
buaileann siad ar an doras,
buaileann siad ar an doras … trí huaire!

Cnag, cnag, cnag!

Ach ní chluineann Daidí Béar iad! Cad chuige?

Mar tá sé ina chodladh!!

Isteach sa teach le Mamó Béar agus le Daideo Béar
Ansin deir Mamó Béar – ó déan bolgam tae, a stóirín,
déan bolgam tae.

ANSIN !!!
.

Cluineann siad trup!

Á, Á, tá eilifint sa teach!!!

AGUS…ritheann siad amach as an teach!!
ACH! Cé atá ag teacht isteach sa teach ag an am chéanna?

Mamaí Béar agus Babaí Béar!
Agus BEAING !!! Buaileann siad isteach ina chéile! BEAING! Agus téann an bainne suas … suas … suas … suas san aer agus … agus SPLAIS! Titeann sé uilig thart ar …



…….. Mhamó agus ar Dhaideo Béar!!

Béir bhána, há há, béir bhána – Is béir bhána iad Mamó agus Daideo!!!!!



# Story 3
## – English version

Now, the 3 bears are in the house.
Mammy Bear is in the kitchen.
Baby Bear is playing and
Daddy Bear is sleeping.

Well says Mammy Bear to Baby Bear I'm going to make a drop of tea! Oh dear there's no milk in the house for tea or for breakfast!

So Mammy and Baby Bear go to the shop in the car!
And Baby Bear puts his belt on!
And while they're away, who comes to visit?

Granny and Granda Bear come to visit.
They knock on the door, they knock on the door, they
knock on the door… three times!!

Knock, knock, knock
But Daddy Bear. doesn't hear them. Why?
Because he is asleep !!

But Granny and Granda Bear walk on in to the house. Then Granny Bear says – o, make a cup of tea darling.

THEN !!

They hear a noise. There's an elephant in the house! [Daddy Bear. snoring!!]

AND they run out of the house !!

BUT! Who's coming in the door at the same time ?
Mammy Bear and Baby Bear!

And BANG !!! They bump into each other! BANG! And the milk goes up ..up ..up … up ..up..in the air and it opens and SPLAsH! The milk spills all over……Granny and Granda Bear!

